

INNEALTÓIREACHT - ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT
(Gnáthleibhéal - 200 marc)

DÉ hAOINE, 25 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 to 4.30

Freagair Ceist 1, Ranna A agus B, agus trí cheist ar bith eile.

1. (65 mharc) ROIINN A - 30 marc

Freagair sé cinn ar bith díobh seo a leanas go hachomair:

- (a) Ainmnigh an pháirt leictreonach a thaispeántar.




- (b) Cén t-airí de chuid na polaistréine is cùis lena hoiriúnacht chun coimeádáin deochanna teo a dhéanamh aisti?

- (c) Cad iad na buntáistí a bhaineann le réamú tar éis druileála?

- (d) Déan cur síos ar dhá mhodh chun cnónna a ghlásáil.

- (e) Déan cur síos ar dhá réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus "Umar Tumbhrataithe Plaisteach" á úsáid.

- (f) Ainmnigh an dá chineál tiomána a thaispeántar.



- (g) Luaigh dhá úsáid atá ag cúlstoic deil láir.

- (h) Ainmnigh dhá fheiste ionchur ríomhaireachta.

ROIINN B - 35 mharc

Freagair trí cinn ar bith díobh seo a leanas:

- (i) Déan cur síos ar fheidhm agus ar oibriú aon cheann ar bith díobh seo a leanas:
Ilmhéadar; Stíalltéitheoir; Grianphainéal.


- (j) Mínigh dhá cheann ar bith de na téarmaí ríomhaireachta seo:

LAP (CPU i mBéarla), Ríomhphost, Feiste Aschuir, Cuimhne léimh amháin (ROM i mBéarla).

- (k) Sainmhínigh *leathoiriúint* de réir mar a bhaineann le córas teorainneacha agus oiriúintí.

- (l) Mínigh dhá théarma ar bith díobh seo:
Brisce; Lasc Maighnéadach; Seoltóir; Comhbhrúiteoir.

- (m) Ainmnigh an dá thomhsaire a thaispeántar:



2.


(45 mharc)

- (a) Mínigh an difríocht bhunúsach idir *leais teachas* agus *insíneacht*.
- (b) Déan cur síos ar an gcóireáil teasa is gá chun dromchla crua a chur ar lann scriúire, déanta de chruthach bhog.
- (c) Mol cóireálacha teasa a bheadh oiriúnach dóibh seo a leanas:
 - (i) Mias chopair a bhfuil cuasú le déanamh uirthi;
 - (ii) Leaba dheile ar gá di cur in aghaidh caithimh;
 - (iii) Fuarshiséal le haghaidh na ceardlainne.

3.

(45 mharc)

- (a) Ainmnigh na foirnéisi a thaispeántar:



- (b) Maidir le **ceann ar bith** de na foirnéisi sin déan cur síos ar an gcaoi a n-oibríonn sí agus ar an gcineál ábhair a chuireann sí ar fáil.
- (c) Ainmnigh na mianta as a dtáirgtear alúmanam agus luaidhe.
- (d) Luaigh **dhá** fheidhmiúchán i gcomhair cróimiam.


4.

(45 mhearc)

- (a) Mínigh an difríocht bhunúsach idir táthú comhleá agus táthú cré-umha.
- (b) Luaih **dhá** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus trealamh stuatháthaithe leictrigh á úsáid.
- (c) Cad chuige flosc-chótáil ar leictreoid sa stuatháthú leictreach?
- (d) Ainmnigh an próiseas chun alt buan a dhéanamh i ngach cás diobh seo a leanas:
- (i) Stánphláta; (ii) Pláta cruach bhog;
- (iii) Alúmanam tanaí; (iv) Peirspéacs.

NÓ

- (d) Ainmnigh an chomhpháirt neomatach a thaispeántar agus ainmnigh na páirteanna 1, 2 agus 3.




5.

(45 mhearc)

- (a) Ainmnigh na **trí** mhodh a thaispeántar a mbaintear úsáid astu agus plaistigh á monarú.


(i)



(ii)




(iii)



- (b) Mínigh **modh amháin** agus tabhair sampla den chineál comhpháirte is féidir a chur ar fáil.
- (c) Ainmnigh an t-ábhar plaisteach a mbaintear úsáid as chun iad seo a leanas a tháirgeadh:
- (i) Dlúth dhiosca (CD); (ii) Roth Gair; (iii) Osán Gairdín.
- (d) Mínigh an difríocht bhunúsach idir teirméaplaisteach agus plaisteach teirmithéachtach.

- (a) Ainmnigh na trí phost uirlise deile agus luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le gach ceann faoi leith díobh a úsáid sa cheardlann.



- (b) Ainmnigh dhá mhodh chun deileadh barrchaolaithe a dhéanamh agus an deil láir á húsáid. Bíodh léaráid agus nóta mar chúnamh agat chun modh amháin díobh a mhíniú.
- (c) Ainmnigh trí réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus an deil láir á hoibriú.

NÓ

- (c) Cad iad na príomhbhuntáistí a bhaineann le Rialú Uimhriúil Ríomhaire (CNC i mBéarla) a úsáid chun deil a oibriú seachas deil láimhe?

- (a) Mínigh an téarma *bacoiriúint* mar a bhaineann le córas teorainneacha agus oiriúntí.
- (b) Mínigh an difriocht bhumúsach idir tomhsaire plocóide agus tomhsaire bearna.
- (c) Déantar poill agus seaftaí le trastomhas ainmniúil 50mm a mheaisíniú sa tsli go mbeidh beachtoiriúint aimsithe acu nuair a chóimeáltar iad. Sonraítear na coinníollacha seo a leanas:

(i)	Trastomhas iosta poill	50.00mm
(ii)	Trastomhas iosta seafta	49.971mm
(iii)	Scóip iosta	0.010mm
(iv)	Scóip uasta	0.059mm

Cinn lamháltas an tseaftha agus an phoill.

NÓ

- (c) Maidir le ceann ar bith díobh seo a leanas, déan cur síos ar an gcaoi a n-oibríonn sé agus ar an bhfeidhm atá leis:

- (i) Tomhsaire diaile; (ii) Sorcóir neomatach déghníomhach; (iii) Solanóideach.